Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Iúil 2022
(OR. en)

11112/22

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0374(COD)**

CODEC 1107
RC 41
MI 556
COMPET 589
TELECOM 321

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Margaí Digiteacha) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 16 Nollaig 2020, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 10 Feabhra 2021[2].

3. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh an 27 Aibreán 2021[3].

4. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 30 Meitheamh 2021[4].

5. An 5 Iúil 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[5].

[1] 14172/20 + ADD 1 go ADD 4.
[2] IO C 147, 26.4.2021, lgh. 4-6
[3] IO C 286, 16.7.2021, lgh. 64-69
[4] IO C 440, 29.10.2021, lgh. 67-98.
[5] 10966/22.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 17/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.